# CLÁRÚCHÁN CÁNACH **TR2**

## DO CHUIDEACHTAÍ CÓNAITHEACHA ATÁ AG CLÁRÚ DO CHÁIN IN ÉIRINN

**Is féidir an fhoirm seo a úsáid chun cuideachta theoranta chónaithe agus comhlachtaí eile nach bhfuil ionadaíocht acu le Gníomhaire amhail iad sin a liostaítear ag 5 thíos a chlárú le haghaidh Cáin Chorparáide, le haghaidh ÍMAT/ÁSPC (mar fhostóir), le haghaidh CBL agus/nó le haghaidh Cáin Chonarthaí Iomchuí (CCI).**

**Ba cheart do ghníomhairí atá ag feidhmiú thar ceann Cuideachtaí, gur gá dóibh clárú i gcomhair Cáin Chorparáide, CBL, ÍMAT/ÁSPC Fostóra agus/nó CCI iarratas a dhéanamh trí www.ros.ie.**

**Ba cheart do Dhaoine Aonair/d'Aonáin,** seachas cuideachtaí agus comhlachtaí a liostaítear ag 5 thíos, atá ag iarraidh clárú, **Foirm TR1** a chomhlánú, nó **ba cheart d'fhostaithe ÍMAT atá ag dul i mbun fostaíochta den chéad uair iarracht a dhéanamh a bpost a chlárú leis an tseirbhís Poist agus Poist agus Pinsin. Chun an tseirbhís seo a úsáid, ní mór duit clárú i dtosach i gcomhair** mo**chúrsaí ar www.revenue.ie.**

Ní mór do GACH cuideachta íocaíochtaí agus tuairisceáin a dhéanamh go leictreonach trí úsáid a bhaint as ROS. Tá sonraí maidir le ROS agus na tuairisceáin agus na dliteanais chánach a bhaineann leo agus nach mór a íoc agus a chomhdú go leictreonach ar fáil ar **www.revenue.ie.**

**Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA, tugann * le fios réimse riachtanach, agus nuair a thugtar roghanna, cuir ☒ sa bhosca/sna boscaí de réir mar is cuí. Nuair atá sí comhlánaithe, sínigh an dearbhú ag íochtar na foirme agus seol ar ais í chuig an Aonad Clárúcháin atá cuí don seoladh ina ndéantar gnó. Tá liosta iomlán de na hAonaid Chlárúcháin ar fáil ag íochtar na foirme seo.**

**Tabhair faoi deara: Mura dtugtar dóthain faisnéise, d'fhéadfadh moill a bheith ar do chlárúchá(i)n cánach(a)**

## *Cuid A* *Sonraí Ginearálta*

**1. Tabhair ainm iomlán na cuideachta mar atá sí cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí ***

**2. Má táthar ag trádáil faoi ainm gnó, luaigh**

**3. Seoladh Gnó** (Eircode san áireamh) (níl seoladh an chomhairleora cánach/an chuntasóra inghlactha)

Teileafón (lena n-áirítear cód ceantair) — Suíomh Idirlín

Guthán soghluaiste — Ríomhphost

**4. Seoladh Cláraithe na hOifige ***
(Eircode san áireamh)

Teileafón (lena n-áirítear cód ceantair) — Ríomhphost

**5. Formáid Dlí** (☒ sa bhosca cuí)

☐ Cuideachta Gnímh Sainithe, ☐ Cuideachta Teoranta Príobháideach ☐ Cuideachta Teoranta Poiblí

☐ Cuideachta Neamhtheoranta Príobháideach ☐ Comhlacht Reachtúil ☐ Comharchumann

Eile

**6. Dáta ar cláraíodh an chuideachta** L L M M B B B B

**7. Uimhir na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO)**

**8. Cén uair ar cuireadh tús leis an ngnó nó leis an ngníomhaíocht?*** L L M M B B B B

**9. Go dtí cén dáta a mbeidh na cuntais bhliantúla réitithe?*** L L M M B B B B

**10. Más mian leat go láimhseálfaí do chúrsaí cánach trí Ghaeilge, cuir ☒ sa bhosca** ☐



RPC008928_GA_WB_L_2

**11. Má bhí an chuideachta cláraithe do cháin ar bith sa tír seo cheana cén uimhreacha tagartha a bhí aici?**

| | |
|---|---|
| Cáin Chorparáide | |
| Fostóir (ÍMAT/ÁSPC) | |
| Cáin Bhreisluacha | |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí (RCT) | |

**12. Cineál Gnó***

(a) An é atá sa ghnó

miondíol go príomha ☐ mórdhíol go príomha ☐ déantúsaíocht go príomha ☐
tógáil ☐ foraoiseacht/próiseáil feola ☐ seirbhís agus eile ☐

(b) Déan cur síos chomh mionsonraithe agus is féidir ar an ngnó a sheoltar. Tabhair cur síos beacht amhail 'nuachtánaí', 'feirmeoireacht déiríochta', 'déantúsóir éadaigh', 'ligean réadmhaoine', 'ioncam infheistíochta', srl. Ná húsáid téarmaí ginearálta amhail 'siopadóir', 'déantúsóir', 'ríomhairí', 'sainchomhairleoir', srl. Más gníomhaíocht a bhaineann le réadmhaoin atá i gceist leis an iarratas, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort Painéal 27, leathanach 4 a chomhlánú freisin.

(c) Luaigh láimhdeachas ionchais na cuideachta sa dá mhí dhéag seo chugainn €

**13. Deimhnigh má tá pacáiste bogearraí á úsáid sa ghnó, m.sh. Pacáiste Cuntasaíochta/córas EPOS.** ☐

**Má tá, tabhair ainm an phacáiste/na bpacáistí bogearraí**

**14. Más rud é go mbeidh málaí plaisteacha á soláthar don chustaiméir ag an ngnó, cuir ☒ sa bhosca *** ☐

**15. Stiúrthóirí, tabhair an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach stiúrthóir. Lean ar aghaidh ar leathanach faoi leith más gá. Tá íosmhéid de bheirt stiúrthóirí riachtanach.**

| Ainm | Seoladh Príobháideach | Scairsheilbh | UPSP |
|---|---|---|---|
| | | . % | |
| | | . % | |
| | | . % | |

**16. Rúnaí na Cuideachta, más é/í seo duine de na stiúrthóirí thuas is leor an t-ainm.***

| Ainm | Seoladh Príobháideach | UPSP |
|---|---|---|
| | | |

**17. Scairshealbhóirí, tabhair sonraí aon scairshealbhóirí (seachas stiúrthóir dá léirítear sonraí thuas) ag a bhfuil 15% nó níos mó ná sin aige sa chaipitil eisithe.**

| Ainm | Seoladh Príobháideach | Scairsheilbh | UPSP |
|---|---|---|---|
| | | . % | |

**18 Sonraí Comhairleora** - Tabhair na sonraí seo a leanas maidir le cuntasóir nó comhairleoir cánach na cuideachta, más ann dóibh, a réiteoidh cuntais agus tuairisceáin chánacha an ghnó.

Ainm

Seoladh

Teileafón (lena n-áirítear cód ceantair) Ríomhphost

Ainm Teagmhála an Chomhairleora

## Cuid A ar lean — Sonraí Ginearálta

Uimhir Aitheantais an Chomhairleora Cánach (TAIN) | | | | | | | Guthán soghluaiste

Tagairt an Chliaint

**Má tá an cuntasóir nó an comhairleoir cánach ag láimhseáil comhfhreagras a bhaineann leis seo a leanas cuir ☒ sa bhosca ábhartha**

CBL (.i. CBL3) ☐ CCI ☐ ÍMAT/ÁSPC Fostóra ☐

**19.Má tá áitreabh do ghnó ar cíos agat, luaigh** -

(i) Ainm agus seoladh príobháideach an tiarna talún (ní gníomhaire eastáit ná bailitheoir cíosa)

(ii) Méid an chíosa a íoctar gach seachtain ☐ mí ☐ bliain ☐ (cuir ☒ leis an minicíocht) €

(iii) An dáta ar thosaigh an chuideachta ag íoc cíosa L L M M B B B B

(iv) Fad na tréimhse cíosa/ligin atá comhaontaithe.

(v) Seol isteach cóip den chonradh léasa cíosa.

**20. Má fuair tú an gnó ó iar-úinéir, tabhair**

(i) Ainm agus seoladh reatha an duine óna bhfuair tú é

(ii) Uimhir CBL/chláraithe an duine sin

## Cuid B — Clárúchán do Cháin Chorparáide

**21. Má tá an chuideachta ag clárú i gcomhair Cáin Chorparáide cuir ☒ sa bhosca** ☐

## Cuid C — Clárú i gcomhair CBL

**22. Má tá an chuideachta ag clárú i gcomhair CBL cuir ☒ sa bhosca agus comhlánaigh an chuid seo** ☐

**23. Clárúchán**

(a) Luaigh an dáta óna bhfuil an chuideachta ag iarraidh clárú i gcomhair CBL * L L M M B B B B

(b) An bhfuil clárúchán á lorg i leith éadálacha san Aontas Eorpach (AE) amháin? (Is le feirmeoirí agus eintitis neamh-incháinithe amháin a bhaineann seo) (cuir ☒ sa bhosca cuí) Tá ☐ Níl ☐

(c) An bhfuil tú ag clárú an chuideachta toisc: *

(i) go **sáraíonn láimhdeachas** nó is dóchúil go sáróidh sé na **teorainneacha** atá ordaithe i ndlí maidir le clárú? **Nó** (i) ☐

(ii) teastaíonn uait **rogha a ghlacadh a bheith incháinithe** (cé nach bhfuil dualgas ort de réir an dlí le clárú?) **Nó** (ii) ☐

(iii) go bhfuil tú ag fáil seirbhísí gnó le gnó lena mbaineann an frithmhuirear lena mbaineann CBL? Cuir cóip den sonrasc faoi iamh más é sin an cás. (iii) ☐

(cuir ☒ le (i), (ii) nó (iii) de réir mar is cuí)

**24. An bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar bhonn fáltais airgid cuntasaíochta ar earraí agus seirbhísí?** (cuir ☒ sa bhosca cuí) Tá ☐ Níl ☐

Más é 'Tá' do fhreagra, an amhlaidh atá toisc

(a) go mbeidh an láimhdeachas bliantúil ionchais níos ísle ná €2,000,000 (glan ó CBL)? (a) ☐

(b) go dtiocfaidh ar a laghad 90% de do láimhdeachas bliantúil ionchais ó sholáthar earraí agus seirbhísí do dhaoine nach bhfuil cláraithe, m.sh. ospidéil, scoileanna nó an pobal i gcoitinne (b) ☐

(cuir ☒ le (a) nó (b) de réir mar is cuí)

**25. Luaigh an láimhdeachas bliantúil ionchais ó sholáthairtí earraí nó seirbhísí incháinithe laistigh den Stát *** €

**26. Luaigh an cuntas bainc nó cumainn foirgníochta lenar féidir aisíocaíochtaí a dhéanamh**

Banc/Cumann Foirgníochta

Seoladh an bhrainse

**IBAN** (Más. 34 charachtar ar a mhéid)

**BIC** (11 más charachtar ar a mhéid)

**27. Forbróir/Tiarna Talún - Sonraí Réadmhaoine chun críocha CBL**

(a) Seoladh na réadmhaoine

(b) Dáta a ceannaíodh nó a cuireadh tús le forbairt L L M M B B B B

(c) Uimhir thagartha do chead pleanála, más infheidhmithe

(d) Ceangail cóip de mhiontuairiscí an cruinnithe nó ráiteas sínithe* ag dearbhú go gceannófar agus/nó go bhforbrófar an réadmhaoin atá i gceist agus go ndéanfar é a dhiúscairt nó a úsáid ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh dliteanas CBL i gceist, m.sh. trí dhíol na réadmhaoine nó trí 'rogha cánach' an Tiarna Talún a fheidhmiú.

* Ba cheart go léireofaí leis na miontuairiscí dáta an chruinnithe, ainmneacha gach duine a bhí i láthair ag an gcruinniú agus ba cheart dóibh a bheith sínithe ag rúnaí na cuideachta nó ag an gcomhpháirtí gníomhach tosaíochta i gcás comhpháirtíochta.

Ba cheart don ráiteas a bheith sínithe ag rúnaí nó ag stiúrthóir na cuideachta.

## Cuid D — Clárú mar Fhostóir i gcomhair ÍMAT/ÁSPC

**28. Má tá tú ag clárú mar fhostóir i gcomhair ÍMAT/ÁSPC cuir ☒ sa bhosca agus comhlánaigh an chuid seo** ☐

**29. Daoine Fostaithe**

(a) Cé méad **fostaí** atá:

**Lánaimseartha** – ag obair 30 uair an chloig nó níos mó in aghaidh na seachtaine go hiondúil?

**Páirtaimseartha** – ag obair níos lú na 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine go hiondúil?

(b) Luaigh an dáta a thosaigh nó a thosóidh do chéad fhostaí ag obair duit* L L M M B B B B

**30. Cén córas taifid párolla agus ÍMAT/ÁSPC a mbainfidh tú úsáid as?** (cuir ☒ sa bhosca cuí)

(a) Ríomhchóras ☐ Má tá tú ag baint úsáide as pacáiste párolla ríomhairithe ba cheart duit clárú do Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) ag www.revenue.ie chun cóipeanna leictreonacha a fháil den Deimhniú Creidmheasa Cánach agus chun do Thuairisceán P35 Deireadh Bliana a chomhdú ar líne.

(b) Córas Láimhe Eile ☐ Tá leabhair párolla ar fáil ó Sholáthraithe Oifigí/Siopaí Leabhair Stáiseanóireachta

**31. Comhfhreagras maidir le ÍMAT/ÁSPC**

Má tá gníomhaire ag láimhseáil comhfhreagras a bhaineann le ÍMAT/ÁSPC cuir ☒ sa bhosca cuí agus tabhair na sonraí a leanas más éagsúil ó Phainéal 18. ☐

Ainm

Seoladh

Teileafón (lena n-áirítear cód ceantair)

Ríomhphost

Uimhir Aitheantais an Chomhairleora Cánach (TAIN)

Guthán soghluaiste

Tagairt an Chliaint

## Cuid E — Clárú i gcomhair Cáin Chonarthaí Iomchuí (CCI)

**Tabhair faoi deara go bhfuil dualgas ar Phríomhchonraitheoirí úsáid a bhaint as Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim chun a ndualgais RCT a chomhlíonadh.**
**Tá dualgas ar Phríomhchonraitheoirí clárú i gcomhair CBL agus cuntas a thabhairt ina leith maidir le Seirbhísí Foirgníochta faoi na rialacha maidir le Frithmhuirear CBL. Féach Cuid C den fhoirm seo, Clárú i gcomhair CBL.**
**Tá mionsonraí maidir le RCT agus CBL, lena n-áirítear treoracha maidir le dualgais Phríomhchonraitheora, le fáil ar suíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, www.revenue.ie**

**32. An bhfuil iarratas á dhéanamh agat chun clárú mar** (cuir ☒ sa bhosca ábhartha)**: ***

(a) Príomhchonraitheoir amháin ☐ (b) Príomhchonraitheoir & Fochonraitheoir ☐ (c) Fochonraitheoir amháin ☐

Má tá (a) nó (b) i gceist, tabhair líon na bhfochonraitheoirí atá fostaithe. ☐☐

**33. Dáta tosaithe RCT*** L L M M B B B B

**34. Más Príomhchonraitheoir thú, an bhfuil tú cláraithe i gcomhair ROS, nó an bhfuil gníomhaire agat atá sásta gach feidhm RCT a chomhlíonadh agus atá cláraithe i gcomhair ROS?**
**Luaigh Uimhir Aitheantais an Chomhairleora Cánach (TAIN) de chuid do ghníomhaire, más infheidhme**

Tá ☐ Níl ☐

☐☐☐☐☐☐

**35. An bhfuil tú cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Phríomhchonraitheoir roimhe seo?** Tá ☐ Níl ☐

**36. Má tá, luaigh an dáta ar scoir tú ó bheith i do Phríomhchonraitheoir an uair deiridh** L L M M B B B B

## Dearbhú — *Ní mór é seo a dhéanamh i ngach cás sular féidir tú a chlárú do cháin ar bith*

**Dearbhaím go bhfuil na sonraí arna soláthar agam san iarratas seo fíor ar gach uile bhealach**

**AINM*** ____________________ **SÍNIÚ*** ____________________

(i mBLOCLITREACHA)

**CÁIL*** ____________________ **DÁTA*** L L M M B B B B

(Duine aonair, rúnaí, comhpháirtí tosaíochta, iontaobhaí, srl.)

Má bhíonn aon eolas breise uait maidir le cánachas in Éirinn, tabhair cuairt ar www.revenue.ie.  Sábháil am trí thíolacadh ar líne ach úsáid a bhaint as **Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)**.  Áis idirlín féinseirbhíse atá anseo a thugann áis thapa agus shlán do chustaiméirí chun a ngnóthaí cánacha a bhainistiú ar líne 24/7, 365 lá sa bhliain. Tabhair faoi deara go bhfuil catagóirí áirithe cáiníocóirí in Éirinn gur gá dóibh a dtuairisceáin a thíolacadh agus a gcáin a íoc ar líne. Feic tuilleadh ar **Ríomhthíolacadh Éigeantach** ar ár suíomh idirlín.

Seol isteach an fhoirm seo chuig an Aonad Clárúcháin cuí leis an Seoladh Gnó:
(ní seoladh an chomhairleora/an chuntasóra chánach)

| Seoladh Gnó | Aonad Clárúcháin | Sonraí Teagmhála |
|---|---|---|
| Gan aon Láthair Fhisiciúil sa Stát | Aonad Clárúcháin Bhaile Átha Cliath<br>9/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 F9C1 | Ríomhphost:<br>citycentrenorthcityreg@revenue.ie<br>Teil: + 353 1 702 3056 |
| Luimneach,<br>An Clár,<br>Ciarraí,<br>Corcaigh | Aonad Clárúcháin an Iardheiscirt<br>Bosca PO 327<br>Páirc na hEaglaise<br>Corcaigh | Ríomhphost:<br>swregistrations@revenue.ie<br>Teil: 1890 368 378 |
| An Cabhán, Dún na nGall, An Iarmhí, Gaillimh, Liatroim, An Longfort, Lú, Maigh Eo, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach, Uíbh Fhailí | Aonad Clárúcháin na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair<br>Geata na Cathrach<br>Faiche an Aonaigh<br>Gaillimh<br>H91 W26K | Ríomhphost:<br>bmwregistrations@revenue.ie<br>Teil: 1890 216 216 |
| Ceatharlach, Cill Chainnigh, Cill Dara, Cill Mhantáin, Laois, Loch Garman, An Mhí, Port Láirge, Tiobraid Árann | Réigiún an Oirthir & Oirdheiscirt<br>Clárúcháin Lárnach<br>Oifigí Rialtais<br>Sráid an Bhóthair<br>Durlas<br>Co. Thiobraid Árann<br>E41 HE16 | Ríomhphost:<br>esereg@revenue.ie<br>Teil: 1890 240 424 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath, An Chathair agus an Contae | Aonad Clárúcháin Bhaile Átha Cliath<br>9/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 F9C1 | Ríomhphost:<br>citycentrenorthcityreg@revenue.ie<br>Teil: 1890 236 336 |
| Comhpháirtithe custaiméirí reatha RCM agus cuideachtaí páirteach in;<br>a) Léasú Aerártach<br>b) Árachas/Atháracha<br>c) ICAVanna (cistí údaraithe) | Aonad Clárúcháin Rannóg na gCásanna Móra<br>Teach Ballaugh<br>73/79 Sráid an Mhóta Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 PX37 | Ríomhphost:<br>lcdregistrations@revenue.ie<br>Teil: 1890 605 090<br>Glaoiteoirí idirnáisiúnta<br>+ 353 1 702 3084 |

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim